2026/2607

24.11.2026

CINNEADH (AE, Euratom) 2026/2607 ÓN gCOMHAIRLE

an 23 Samhain 2026

lena leasaítear Rialacha Nós Imeachta na Comhairle

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 240(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tráth atá gníomh le glacadh ag an gComhairle trí thromlach cáilithe, is gá a fhíorú gurb ionann na Ballstáit a seasann an tromlach cáilithe dóibh agus 65 %, ar a laghad, de dhaonra an Aontais.

(2) Déantar an céatadán sin a ríomh de réir na bhfigiúirí daonra a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialacha Nós Imeachta na Comhairle ([1]) ('na Rialacha Nós Imeachta').

(3) Foráiltear, le hAirteagal 11(6) de na Rialacha Nós Imeachta, go bhfuil an Chomhairle, le héifeacht ón 1 Eanáir gach bliain, chun na figiúirí a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis, a leasú, i gcomhréir leis na sonraí atá ar fáil d'Oifig Staidrimh an Aontais Eorpaigh an 30 Meán Fómhair den bhliain roimhe sin.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, na Rialacha Nós Imeachta a leasú dá réir don bhliain 2027.

(5) I gcomhréir le hAirteagal 106a den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, tá feidhm ag Airteagal 240 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir leis an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn III a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta:

'*IARSCRÍBHINN III*

Na figiúirí maidir le daonra an Aontais agus daonra gach Ballstáit i gcás chur chun feidhme na bhforálacha maidir le vótáil trí thromlach cáilithe sa Chomhairle

Ballstát	Daonra	Céatadán táscach de dhaonra an Aontais (%)
an Ghearmáin	83 415 684	18,38
an Fhrainc	69 112 309	15,23
an Iodáil	59 762 989	13,17

([1]) Cinneadh 2009/937/AE ón gComhairle an 1 Nollaig 2009 lena nglactar Rialacha Nós Imeachta na Comhairle (IO L 325, 11.12.2009, lch. 35, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2009/937/oj).

Ballstát	Daonra	Céatadán táscach de dhaonra an Aontais (%)
an Spáinn	49 596 376	10,93
an Pholainn	37 289 701	8,22
an Rómáin	19 041 322	4,20
an Ísiltír	18 277 969	4,03
an Bheilg	11 955 308	2,63
an Phortaingéil	11 424 031	2,52
an tSeicia	10 931 023	2,41
an tSualainn	10 586 000	2,33
an Ghréig	10 366 586	2,28
an Ungáir	9 488 428	2,09
an Ostair	9 197 500	2,03
an Bhulgáir	6 423 207	1,42
an Danmhairg	6 016 030	1,33
an Fhionlainn	5 632 881	1,24
Éire	5 511 056	1,21
an tSlóvaic	5 441 257	1,20
an Chróit	3 876 002	0,85
an Liotuáin	2 887 592	0,64
an tSlóivéin	2 135 107	0,47
an Laitvia	1 845 096	0,41
an Eastóin	1 360 745	0,30
an Chipir	997 361	0,22

Ballstát	Daonra	Céatadán táscach de dhaonra an Aontais (%)
Lucsamburg	689 189	0,15
Málta	588 254	0,13
AE 27	453 849 003	
Tairseach (65 %)	295 001 852’	

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2027.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Samhain 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

M. HEYDON